



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

S36T

EOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

[N.B. Ní d'Iarrthóirí Eolaíochta – Staidéar Áitiúil é seo]

DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

TREORACHA

1. Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an leathanach seo.
2. Freagair **ROIWN A**.
3. Freagair **TRÍ ROIWN AR BITH** as na **RANNA B, C, D, E**.
4. Freagair **gach ceist** sna spásanna atá ann chuige. Má tá spás breise uait, tá leathanaigh curtha ar fáil ar chál an leabhráin seo.

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

Don scrúdaitheoir amháin

1. Suim na n-iomlán ag bun na leathanach	
2. Suim chomhiomlán aon cheist(eanna) nár ceadaíodh	
3. Marcanna fo-iomlána tugtha (1 lúide 2)	
4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí)	
5. Iomlán na marcanna tugtha má tá bónas don Ghaeilge (3 móide 4)	

Don scrúdaitheoir amháin

CEIST	MARC
Roinn A	C.1
Roinn B	C.2
	C.3
	C.4
Roinn C	C.5
	C.6
	C.7
Roinn D	C.8
	C.9
	C.10
Roinn E	C.11
	C.12
	C.13
	C.14
	C.15
	C.16

FO-IOMLÁN




BÓNAS
IOMLÁN
GRÁD

ROINN A – CROÍCHÚRSA (144 MARC)

Freagair 12 chuid ar bith (a), (b), (c), etc. as an Roinn seo.

Ceist 1

- (a) **Ainmnigh** na píosaí trealaimeach seo a leanas.



AINM _____

- (b) **Comhlánaigh** na habairtí seo a leanas trí úsáid a bhaint as focal amháin i ngach cás ón liosta ar dheis.

Bíonn seaicéid fhálaithe ar choirí le haghaidh _____ teasa.

Is é atá in **athrú** leachta ina ghal ná _____.

Déanann an Ghrian an Domhan a **théamh** trí _____.

Taistealaíonn teas trí leachtanna le _____.

COMHIOMPAR
GALÚ
INSLIÚ
RADAÍOCHT


- (c) Taispeánann an léaráid an taobh istigh de **phlocóid thríbhioránach**.

Ainmnigh miotal a úsáidtear chun na sreanga sa phlocóid a dhéanamh.

Ainmnigh an **t-ábhar** a úsáidtear chun na sreanga a insliú.

Cén **dath** atá ar chlúdach (insliú) na sreinge **beo**?

Cén fheidhm atá le **fiús** i bplocóid?



- (d) I ngach cás roghnaigh an **chainníocht** cheart ón liosta ar dheis, chun meaitseáil a dhéanamh leis na haonaid a thugtar thíos.

AONAD	CAINNÍOCHT
cm ³	
cm ²	
kg	
m	

MAIS
TOIRT
FAD
ACHAR

- (e) Tá an Ghrian agus naoi bpláinéad sa **ghrianchóras**.

Ainmnigh an pláinéad **is cóngaraí** don Ghrian. _____

Ainmnigh an pláinéad **is faide** ón nGrian. _____

Cén fáth a bhféadann an Domhan beatha a chothú? Tabhair **dhá** chuíis.

1 _____ 2 _____

- (f) Is é atá i ngás nádúrtha sa chuid is mó ná **meatán (CH_4)**.

Ainmnigh an dá dhúil a fhaightear i ngás meatáin.

1 _____ 2 _____

Ainmnigh **gás** a tháirgtear nuair a dhéantar meatán a dhó in aer. _____

Ainmnigh breosla iontaise **amháin** eile. _____


- (g) Doirteadh **meascán** ola agus uisce isteach sa phíosa trealaimh a thaispeántar sa léaráid agus ligeadh dó socrú.

Ainmnigh an píosa trealaimh seo. _____


Cén **leacht** a gheofá ag A? _____

Conas a ligtear do **leacht B** dul isteach san eascra?


Cén fáth nach bhfuil an píosa trealaimh seo oiriúnach chun alcól agus uisce a dheighilt?




- (h) Taispeánann na léaráidí **A**, **B**, agus **C** leagan amach na gcáithníní bídeacha i solad, leacht agus gás.



A



B



C

Cé acu léaráid **A**, **B** nó **C**, a thaispeánann an **leacht**. _____

Ainmnigh **foinse fuinnimh** a d'fhéadfaí a úsáid chun **A** a athrú go **B**. _____

Ainmnigh an **t-athrú fisiciúil** a tharlaíonn nuair a athraíonn **A** go **B**. _____

Ainmnigh an **t-athrú fisiciúil** a tharlaíonn nuair a athraíonn **C** go **B**. _____

- (i) Tá aigéid agus bunanna i láthair i saghsanna éagsúla substaintí coitianta.

Comhlánaigh an tábla thíos. Bain úsáid as focal amháin i ngach cás ón liosta ar dheis.

Tá sampla amháin déanta duit.

Substaint	Aigéadach/Bunata/Neodrach
SÓID NÍOCHÁIN	BUNATA
TAOS FIACLA	
FÍNÉAGAR	
GLANTÓIR OIGHINN	
UISCE DRIOGTHA	

AIGÉADACH
BUNATA
NEODRACH

- (j) Taispeánann an léaráid an gaireas chun gás **dé-ocsaíd charbóin** a ullmhú agus a bhailiú sa tsaotharlann. Imoibríonn solad **A** le leacht **B**.


Ainmnigh an solad **A**. _____

Ainmnigh an leacht **B**. _____

Tabhair gnáth-úsáid laethúil **amháin** atá ag gás dé-ocsaíd charbóin.

Cén **leacht** a dtagann dath bainniúil bán air, má bhoilgearnáítear

dé-ocsaíd charbóin tríd? _____



- (k) Is féidir rudaí beo a roinnt idir ainmhithe agus plandaí. I ngach cás **roghnaigh** ainmhí nó planda ón liosta ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.

Féadann _____ **galar a leathadh** go daoine.

AN CHUILEOG GHLAS
AN MÉIRÍN PÚCA
CRUITHNEACHT
AN MHUISCÍT

Féadann _____ **damáiste a dhéanamh** do rósanna.

Féadtar _____ a úsáid i **leigheas**.

Féadtar _____ a úsáid chun **plúr** a dhéanamh le haghaidh aráin.

- (l) Taispeántar sa tábla thíos an méid **fuinnimh** atá in dhá bhéile dhifriúla.

Béile A	Fuinneamh (kJ)	Béile B	Fuinneamh (kJ)
Ispín	340	Sailéad	140
Sceallóga	2220	Bradán	730
Ubh friochta	840	Arán donn & im	600
Tae	40	Gloine bainne	612

Cé acu béile, **A** nó **B**, a thugann an fuinneamh is mó? _____

Tabhair úsáid amháin atá ag fuinneamh inár gcoirp. _____

Cé acu béile **A** nó **B** a bhfuil níos mó snáithín ann? _____

Cad é an **phríomhfheidhm** atá ag snáithín san réim bia? _____

- (m) Baineann daoine úsáid as cúig chéadfa chun eolas a phiocadh suas faoin domhan amuigh. Comhlánaigh an tábla thíos. Tá colún amháin déanta duit mar shampla.

CÉADFA	Teagmháil	Radharc			Blas
ORGÁN CÉADFA	Craiceann		Cluas	Srón	

- (n) Cuirtear planda glas i solas geal ar feadh roinnt uaireanta an chloig.

Ainmnigh an chuid den phlanda is mó a dhéanann **bia**.



Ainmnigh an tsubstant a chuireann an **dath glas** ar phlandaí.

Ainmnigh an **próiseas** trína ndéanann plandaí a mbia féin.



Ainmnigh an **ceimiceán** a úsáidtear sa tsaotharlann chun a thástáil an bhfuil bia déanta ag planda.

- (o) Is féidir le miocrorgánaigh mar **fhungais**, **baitéir** agus **víris** a bheith úsáideach agus díobhálach araon.

Luaigh slí amháin **ina bhfuil baitéir úsáideach** do dhaoine. _____

Luaigh slí amháin **ina bhfuil baitéir díobhálach** do dhaoine. _____

Tabhair úsáid amháin atá **ag fungais**. _____

Ainmnigh **galar** amháin arb é **víreas is cúis leis**. _____

ROIINN B – FISIC (72 MARC)

Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh.

Ceist 2

- (a) Aínmnigh **gléas** a úsáidtear chun **fad** a thomhas. _____ (3)

Ainmnigh gléas a úsáidtear chun **am** a thomhas. _____ (3)

Taistealaíonn reathaí 720 méadar i 60 soicind.

Cad é an t-aonad luais?


$$\text{Luas} = \frac{\text{Fad}}{\text{Am}}$$

Cad é meánluas an reathaí? (3)

- (b) Líonadh gloine le huisce agus cuireadh píosa cairtchláir ar a bharr. Ansin casadh an ghloine uisce go cúramach bunoscionn mar a thaispeántar sa léaráid. **Uisce**

An dtíteann **an t-uisce** as an ngloine nuair a chastar bunoscionn é?

Cad a thaispeánann an **turgnamh** seo?



Frithchuimilt is ea fórsa idir dhá rud ag gluaiseacht thar a chéile.

Tabhair **dhá** fhórsa eile.

1 _____ 2 _____ (6)


- (c) Tugtar do mhac léinn bord mín, bloc adhmaid, greanpháipéar garbh agus lingmheátán (méadar niútain). Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar conas a d'fhéadfaí iad seo a úsáid chun a **thaispeáint go méadaíonn an greanpháipéar ar an bhfrithchuimilt.** (12)

Léaráid lipéadaithe

Ceist 3

- (a) Taispeánann an léaráid barramhaighnéad. **Comhlánaigh** na habairtí seo a leanas.

Poil **chomhchosúla** maighnéad, _____ siad a chéile. (3)



Poil **neamhchosúla** maighnéad, _____ siad a chéile. (3)

Is miotal é _____ a n-aomann maighnéad é. (3)


Tabhair úsáid **amháin** atá ag maighnéad sa bhaile. (3)

- (b) Taispeánann an léaráid ciorcad leictreachais. Nuair a dhúntar an lasc **gabhann sruth leictreach tríd an chorna sreinge** atá curtha in eascra uisce.

Cad a tharlaíonn don uisce san eascra nuair a **dhúntar** an lasc? (3)

Cén **t-athrú fuinnimh** a tharlaíonn?

(3)



Castar **téitheoir leictreach** 2 kW ar siúl ar feadh ceithre huaire. (3)


Cé mhéad **aonad** (kWh) a úsáideann sé? (3)

Má chosnaíonn gach aonad 10 cent, faigh **costas** an leictreachais a úsáideadh. (3)

- (c) Taispeánann an léaráid **fleascán aeir** á théamh go réidh le triomadóir gruaige.

Cén tionchar a bhíonn ag an teas seo ar **thoirt an aeir** sa bhfleascán?

_____ (3)



Conas a bhíonn a fhios ag an mac léinn go bhfuil an tionchar sin ag an teas?

_____ (3)

Cad a tharlaíonn don uisce san umar de réir mar a **fhuardaíonn** an fleascán?

_____ (3)

Cad a deir an turgnamh seo linn faoi **aer nuair a fhuardaítear é?** _____

_____ (3)

Ceist 4

- (a) I ngach cás roghnaigh **focal** ón liosta ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.

Is cineál _____ í **fuaim**. (3)

Is fuaim **fhrithechaité** é _____. (3)

Teastaíonn _____ ó fhuaim le **taisteal tríd**. (3)

Táirgtear fuaim le _____. (3)

CREATHANNA
FUINNIMH
MACALLA
SUBSTAINT

- (b) Taispeánann an léaráid léas de sholas bán ag gabháil trí phíosa trealmh X, ag cruthú **banda dathanna** (**speictream**) ar scáileán.


Ainmnigh an **próiseas** a thaispeántar.

_____ (3)

Ainmnigh an píosa trealmh X. _____ (3)

Ainmnigh an **dath A**. _____ (3)

Ainmnigh an **dath B**. _____ (3)



- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh saotharlainne chun **an toirt atá i gcloch bheag a thomhas**. (12)

Léaráid Lipéadaithe

ROINN C – CEIMIC (72 MARC)

Tá TRÍ cheist sa roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith diobh.

Ceist 5

- (a) I ngach cás déan **focal** ón liosta ar dheis a mheatseáil le ráiteas thíos.

Miotal alcaile _____ (3)

Sampla de **mheascán** _____ (3)

An **gás** is flúirsí san aer _____ (3)

Sampla de **chomhdhúil** _____ (3)

**POTAISIAM
UISCE
NÍTRIGIN
AER**

- (b) Sa léaráid taispeántar gaireas a d'fhéadfaí a úsáid chun **uisce agus ruaim a dheighilt**.

Ainmnigh an teicníocht deighilte seo.
_____ (3)


Ainmnigh an chuid a bhfuil an lipéad A air.
_____ (3)

Cén teocht ag a bhfiuchann **uisce**?

_____ °C (3)

Tar éis don téamh tosú, bailíonn leacht ag B.

Cé acu **ruaim** nó **uisce** is mó atá
sa leacht a bhailíonn ar dtús? _____ (3)



- (c) Is **uisce crua** é uisce nach ndéanfaidh sobal le gallúnach go héasca. Tá **dhá** chineál de chruas uisce ann.

Ainmnigh cineál **amháin** de chruas **uisce**. _____ (3)

Tabhair **buntáiste amháin** atá ag uisce crua.

_____ (3)

Tabhair **míbhuntáiste amháin** atá ag uisce crua.


_____ (3)

Tabhair **slí amháin** chun **an cruas a bhaint as** uisce. _____ (3)

Ceist 6

- (a) Cuireadh **uisce** agus **salann** isteach in eascra. I ngach cás roghnaigh **téarma** ón liosta ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.

De réir mar a _____ an salann san uisce déantar **tuaslagán**. (3)



Sa tuaslagán seo is é uisce an _____. (3)

De réir mar a **ghalaíonn** an t-uisce éiríonn an tuaslagán níos _____. (3)

CAOILE
TUASLAGÓIR
TIUBHAITHE
THUASLAGANN

Bhí an tuaslagán níos _____ i dtosach. (3)

- (b) Is féidir **uisce** a úsáid i **múchtóir dóiteáin**.


Cén fáth nár chóir uisce a úsáid ar **dhóiteáin leictreacha**?

_____ (3)



Ainmnigh substaint **amháin** seachas uisce, a fhéadtar a úsáid i múchtóir dóiteáin.

_____ (3)



Ainmnigh **X** agus **Y** sa triantán dóiteáin a thaispeántar, atá riachtanach chun an tine a choimeád ag dó.

X _____ **Y** _____ (6)

- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh saotharlainne chun **a thaispeáint go bhfuil galuisce i láthair in aer**. (12)

Léaráid Lipéadaithe

Ceist 7

- (a) I ngach cás déan **miotal** ón liosta ar dheis a mheatseáil leis an **úsáid** a thugtar thíos.

Úsáidtear é i **soilse sráide buí** _____ (3)

Úsáidtear é i **dteirmiméadair** _____ (3)

Úsáidtear é i **seodra** _____ (3)

Úsáidtear é i **gcannaí deochanna** _____ (3)

MEARCAIR
ÓR
ALÚMANAM
SÓIDIAM

- (b) Déanann **meirgiú** díobháil d'iarann.

Tabhair **dhá choinníoll** atá riachtanach chun go dtiocfadh meirg ar thairne iarainn.

1 _____ (3)

2 _____ (3)

Tabhair slí **amháin** chun meirgiú iarainn a stopadh. _____ (3)

Is é a ghlaoitear ar **mheascán** miotal ná _____. (3)

- (c) Taispeánann an léaráid turgnamh a fhéadtar a chur i gcrích sa tsaotharlann chun **leictreaphlátáil** a thaispeáint.

Cad is **leictreaphlátáil** ann? _____


_____ (6)

Cad a tharlaíonn don **leictreoid chopair** nuair a dhúntar an lasc?

_____ (3)

Cén fáth a ndéantar leictreaphlátáil go minic ar **rudaí miotail**?

_____ (3)



ROINN D - BITHEOLAÍOCHT (72 MARC)

Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh.

Ceist 8


- (a) Taispeánann an léaráid an **struchtúr** atá ag fiacail.

Ainmnigh cuid A. _____ (3)

Ainmnigh an **mianra** atá riachtanach d'fhiaca sláintiúla? _____ (3)

Is é bailiú **baictéar** agus **bia** ar d'fhiaca is cúis le _____. (3)

Tabhair slí amháin chun cabhrú linn lobhadh fiaca a **chosc**. _____ (3)



- (b) Taispeánann an léaráid samhail de **chóras análaithe** an duine.

Cé acu **cuid** den chorp a seasann A dó?

_____ (3)

Cé acu **cuid** den chorp a seasann B dó?


_____ (3)

Cé acu **cuid** den chorp a seasann **an clogad** dó?

_____ (3)

Cad a tharlaíonn do na codanna a bhfuil an lipéad B orthu nuair a tharraingítear anuas an **braillín rubair**?

_____ (3)



- (c) Taispeánann an léaráid cuid den **chóras fuail** a bhfuil páirt aige san eisfhearadh.

Ainmnigh cuid A. _____ (3)


Ainmnigh cuid B. _____ (3)

Ainmnigh an **tsubstaint** a eisfhearann an córas fuail.

_____ (3)

Ainmnigh **orgán** eisfeartha amháin eile i gcorp an duine.

_____ (3)



Ceist 9

(a) Ainmnigh **gnáthóg** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. _____ (3)

Ainmnigh **ainmhí** amháin a fuair tú sa ghnáthóg seo. _____ (3)

Tabhair sampla **amháin** den tslí a bhfuil an t-ainmhí seo **oiriúnaithe** chun maireachtáil sa ghnáthóg seo.

(3)

Tabhair sampla **amháin** den tslí a **mbraitheann** ainmhithe ar phlandaí sa ghnáthóg seo.


(3)

(b) Baineann plandaí úsáid as modhanna éagsúla chun a gcuid síolta a **scaipeadh**. Taispeánann an léaráid dhá chineál éagsúla síolta.

Ainmnigh an **modh** trína scaptear na síolta **A** agus **B**.

Síol **A** _____ (3)


Síol **B** _____ (3)



Tabhair **cúis** amháin a bhfuil sé riachtanach ag plandaí a gcuid síolta a scaipeadh.

(3)

Ainmnigh an **chuid** de phlanda bláthanna a tháirgeann síolta.



(3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun a thaispeáint go bhfuil **gá ag síolta le teas chun péacadh**. (12)

Léaráid Lipéadaithe

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Ceist 10

- (a) Faigtear **fuil** sa **chóras imshruthaithe**. I ngach cás déan **cuid den fhuil** ón liosta ar dheis a mheatseáil leis an **úsáid** a thugtar thíos.

Úsáidtear é chun **ocsain** a iompar

(3)

Cabhraíonn chun **ionfhabhtú** a throid

(3)

Cabhraíonn chun an fhuil a **théachtadh**

(3)

Ainm atá ar an gcuid **leachta** den fhuil

(3)

PLASMA

CEALLA FOLA BÁNA

PLÁITÍNÍ

COIRPÍNÍ FOLA DEARGA

- (b) Is cuid den chóras imshruthaithe é an **croí**. Go minic tógtar **cuisle** duine chun **buille an chroí** a thomhas.

Cén **fheidhm** atá ag an gcroí? _____ (3)

Ainmnigh **ait** mhaith sa chorp chun cuisle a fháil. _____ (3)

Ainmnigh toisc amháin a chuireann **méadú** ar bhuille an chroí.

(3)

Tabhair sampla **amháin** den chaoi a bhféadann daoine cabhrú leo féin a gcroí a choimeád

sláintiúil. _____ (3)


- (c) I gcorp an duine tá **creatlach** déanta de chnámha. Tabhair **dhá fheidhm** atá ag an gcreatlach.

1 _____ 2 _____ (6)

Socraíodh an turgnamh ar dheis agus fágadh é ar feadh cúpla lá. Cuireadh cnámh amháin in aigéad agus an dara ceann in uisce mar a thaispeántar sa léaráid.

Cad a tharlaíonn don chnámh in **A**?

_____ (3)



Cad a tharlaíonn don chnámh in **B**?

_____ (3)

A
Aigéad

B
Uisce

ROINN E – EOLAÍOCHT FHEIDHMEACH (72 MARC)

Tá SÉ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh.

Ceist 11 - Domhaneolaíocht

- (a) I ngach cás roghnaigh **uimhir** ón liosta ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.

Casann **an domhan** ar a ais féin gach _____ uaire. (3)

24

365½

Is é an t-am a thógann sé ar an **ngealach** gluaiseacht mórhimpeall

(3)

an **domhain** ná _____ lá.

4

Tagann **bliain bhisigh** gach _____ bliana. (3)

28

Is é an t-am a thógann sé ar an **domhan** gluaiseacht mórhimpeall na **gréine** ná _____ lá. (3)

- (b) Is é atá i **mbogthaise** ná an méid _____ atá san aer. (3)

Is féidir úsáid a bhaint as _____ chun **bogthaise a thomhas**. (3)

Úsáidtear **ainéimiméadar** chun _____ a thomhas. (3)

Úsáidtear **baraiméadar** chun _____ a thomhas. (3)

- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun a thaispeáint **conas a thomhaisfeá báisteach**. (12)

Léaráid Lipéadaithe

Ceist 12 - Gairneoireacht

- (a) Úsáidtear **ithir** go coitianta agus **plandaí** á bhfás sa ghairneoireacht.

Ainmnigh **cuid neamhbheo amháin** d'ithir thorthúil. _____ (3)

Tabhair **dhá** bhuntáiste de **phéisteanna talún** a bheith in ithir.

1 _____

2 _____ (6)

Ainmnigh **planda adhmadach** óna bhféadfá gearrthóga a ghearradh.

(3)

- (b) De ghnáth is píosa réidh talún é **ceapach gairdín**, a choimeádtar go speisialta le plandaí neamhfhéaracha a fhás inti.

Ainmnigh planda ceapaí earraigh **amháin**. _____ (3)

Ainmnigh **lotnайд** choitianta ghairdín ag plandaí ceapaí. _____ (3)

Cad é an t-am is fearr sa lá chun **uisce a chur** ar phlandaí ceapaí? _____ (3)

Tabhair slí amháin chun **smacht a choimeád** ar fhailí timpeall ar phlandaí ceapaí.

_____ (3)

- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun a thaispeáint **conas a thomhaisfeá an méid aeir atá in ithir nó i múirín**. (12)

Léaráid Lipéadaithe

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Question 13 - Eolaíocht na nÁbhar

- (a) Déan **substaint** ón liosta ar dheis a mheaitseáil le gach ceann de na hábhair seo a leanas:

Miotal _____ (3)

Plaisteach _____ (3)

Hidreacarbón _____ (3)

Teicstíl _____ (3)

OLA
POLAITÉIN
OLANN
AIRGEAD


- (b) Taispeántar **siombailí lipéad cúraim** ar bhaill éadaigh chun eolas a thabhairt faoin gcúram is ceart a dhéanamh dóibh.

- (i) Cad is ciall leis an **tsiombail lipéad cúraim** a thaispeántar?



_____ (3)

Tarraing an **tsiombail** a mbeadh súil agat í a fháil ar lipéad léine nach féidir a **ní ach amháin de láimh**. (3)



- (c) Freagair **CEANN AMHÁIN AR BITH** de na ceisteanna **A (PLAISTIGH), B (TEICSTÍLÍ), C (MIOTAIL), D (ADHMAD)**, atá ar an dá leathanach seo a leanas.

>>>>>>>>>>>>>

A - PLAISTIGH

- (i) Tabhair úsáid **amháin** atá ag **plaistigh** sa bhaile. _____ (3)

(ii) **Déantar** an chuid is mó de na plaistigh as _____. (3)

(iii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **cruas dhá phlaisteach a chur i gcomparáid le chéile**. (12)

Léaráid Lipéadaithe

Léaráid Lipéadaithe

B - TEICSTÍLÍ

- (i) Roghnaigh an **téarma** ceart ón liosta ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.

Déantar snáth le _____.

Úsáidtear snáth chun a dhéanamh. (3)

- (ii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **friotaíocht dhá theicstíl**, ó thaobh caitheamh de, a chur i gcomparáid le chéile. (12)

Léaraid Lipéadaithe

SNÁITHÍNÍ
FABRAJCÍ

C - MIOTAIL

- (i) Ainmnigh miotal **amháin** a fhaightear **saor sa nádúr**. _____ (3)
- (ii) Ainmnigh miotal **amháin** a fhaightear mar **mhianach**. _____ (3)
- (iii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **solúbthacht dhá mhiotal a chur i gcomparáid le chéile**. (12)

Léaráid Lipéadaithe

D - ADHMAD

- (i) I ngach cás roghnaigh an **téarma** ceart ón liosta ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.
Faighean **adhmad** _____ ó chrainn a mbíonn **duilleoga i bhfoirm snáithidí** orthu. (3)
- Faighean **adhmad** _____ ó chrainn a mbíonn **duilleoga leathana** orthu. (3)
- (ii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **a thaispeáint go bhfuil tionchar ag treo an tsnáithe ar fhriatlúbhacht adhmaid.** (12)

Léaráid Lipéadaithe

BOG
CRUA

Ceist 14 - Bia

- (a) I ngach cás déan **bia** ón liosta ar dheis a mheatseáil le modh úrchaomhnaithe thíos.

Díhiodráitiú _____ (3)

Paistéaradh _____ (3)

Piciliú _____ (3)

Reo _____ (3)

OINNIÚIN

BAINNE

CAIFE

IASC

- (b) Úsáidtear **breiseán bhia** ina lán bianna.

Tabhair **dhá úsáid** atá ag breiseán, seachas úrchaomhnú.

1 _____ 2 _____ (6)

Tabhair **iarmhaint dhíobhálach amháin** atá ag breiseán bia. _____ (3)


Cén cineál **breiseán bia** é E 102? _____ (3)

- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh saotharlainne chun **sadhas a dhéanamh**. (12)

Léaráid Lipéadaithe


Ceist 15 - Leictreonaic

(a) I ngach cás déan comhbhall leictreach ón liosta ar dheis a mheaitseáil le ceann amháin de na siombailí seo a leanas.




(3)

FRIOTÓIR ATHRAITHEACH




(3)

FSS (LDR)



(3)

AIMPMHÉADAR



(3)

CEALLRA

(b) Ainmnigh an cineál **laisce** a thaispeántar sa chiorcad.

(3)

An **lasfaidh an DSA (LED)** nuair a dhúntar an ciorcad?


(3)

Cén fheidhm atá leis an **bhfriotóir** sa chiorcad?

(3)

Cén áit i dteach a bhfaighfeá an cineál seo laisce?

(3)



(c) Tugadh duit **ceallra, friotóir agus dhá DSA (LED)**. Tarraing ciorcad ina bhfuil an **dá DSA (LED)** i dtreocheangal lena chéile agus ina lasfaidh an **dá cheann acu**. (12)

Léaráid chiorcaid

Ceist 16 - Tiontuithe Fuinnimh

- (a) I ngach cás déan **athrú fuinnimh** ón liosta a mheatseáil leis an gceann atá ag tarlú i ngach ceann díobh seo a leanas.

LEICTREACH GO TEAS	CINÉITEACH GO FUAIM
CEIMICEACH GO TEAS	CEIMICEACH GO SOLAS

Lasán **ag dó** _____ (3)

Seithe druma **ag creathadh** _____ (3)


Solas tóirse **ceallra ag lonrú** _____ (3)

Citeal **leictreach ag fiuchadh uisce** _____ (3)

- (b) Sa léaráid taispeántar na codanna de **leictreamaighnéad** simplí.

Cén **miotal** a úsáidtear chun an croíleacán a dhéanamh?

_____ (3)



An maighnéad **sealadach** nó **buan** é leictreamaighnéad?

_____ (3)

Cad a tharlaíonn don **tairne** nuair a dhúntar an lasc?

_____ (3)

Tabhair gnáthúsáid laethúil **amháin** atá ag leictreamaighnéad.

_____ (3)

- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh saotharlainne chun **a thaispeáint gur féidir fuinneamh a scaoleadh ó bhia, e.g. piseanna talún.** (12)

Léaráid Lipéadaithe

_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

SPÁS BREISE

Léirigh go soiléir uimhir na ceiste (na gceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

SPÁS BREISE

Léirigh go soiléir uimhir na ceiste (na gceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.